# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/1866 ÓN gCOMHAIRLE

**an 22 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh Phoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2008/369/CBES ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 29 Meitheamh 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún ("UNSCR") 2582 (2021), lena leasaítear na critéir chun daoine agus eintitis a ainmniú le bheith faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i mír 9 agus mír 11 de UNSCR 1807 (2008).

(3) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 3(1) de Chinneadh 2010/788/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) ionsaithe ar choimeádaithe síochána de chuid MCENAC nó ar phearsanra de chuid na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear baill den Ghrúpa Saineolaithe, nó ar phearsanra leighis nó ar phearsanra daonnúil a phleanáil, a stiúradh, a urrú nó páirt a ghlacadh iontu;".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.